EOIN

[1]Ón Seanóir do Gháias ionúin a bhfuil fíorghrá agam dó. [2]A bhráthair na páirte, guím rathúnas ort in iomlán do ghnóthaí, agus sláinte, fearacht an rathúnais anama atá ort cheana féin. [3]Bhí an-áthas orm, ar theacht do chuid de na bráithre, gur thug siad teastas ar do fhírinne, mar atá, go siúlann tú san fhírinne. [4]Níl aon chúis ghairdis agam is mó ná a aireachtáil go siúlann mo chlann san fhírinne. [5]A bhráthair na páirte, is dílis a chruthaigh tú sa mhéid go ndearna tú gar do na bráithre, agus go háirithe nuair ba choimhthígh iad, a thug teastas ar do charthanacht i bhfianaise na hEaglaise go léir. [6]Is inmholta a chruthóidh tú, á seoladh siúd chun bealaigh mar is cuí do sheirbhís Dé. [7]Mar gur ar son a ainmsean a ghabh siad bóthar agus gan tada á ghlacadh acu ó na págánaigh. [8]Is mithid dúinne dá bhrí sin soláthar dá leithéidí le go mba comhoibrithe sinn san fhírinne.

[9]Scríobh mé focal chuig an eaglais, ach an fear sin Diotrafaes ar breá leis an ceannas ní thugann sé aon aird orainn. [10]Dá bhrí sin, má thagaimse cuirfidh mé ina luí air céard tá ar siúl aige, é ag béadán orainn le briathra éagóracha. Agus faoi mar nach leor leis sin, ní fháiltíonn sé féin roimh na bráithre, agus coisceann sé an mhuintir a fháiltíonn agus díbríonn as an eaglais iad. [11]A bhráthair na páirte, ná déan aithris ar an olc ach ar an maith. An té a dhéanann an mhaith is ó Dhia dó, an té a dhéanann an t-olc ní fhaca sé Dia. [12]Tá dea-theastas ar Dhéimitrias ag gach aon duine agus ag an bhfírinne féin.

Tugaimidne teastas freisin air agus is feasach duit gur fíor ár dteastas. [13]Bhí mórán agam
le scríobh chugat ach ní mian liom iad a chur síos le peann agus le dúch. [14]Tá súil agam
tú a fheiceáil gan mhoill agus labhróimid díreach le chéile. [15]Síocháin ort. Beannaíonn na
cairde duit. Beannaighse do gach duine de na cairde as a ainm.